Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.3 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, leis an eisceacht seo a leanas.

***Stoic agus sócmhainní caipitil***

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoic intomhalta TF. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líonta na mball foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 leithdháilte ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór do na shócmhainní caipitil idir an An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus An Roinn Airgeadais leithdháiltear úsáid na shócmhainní caipitil ar bhonn líon na foirne freisin. Suas go dtí 31 Nollaig 2010, bhí na shócmhainní caipitil go léir taifeadta ar chlár shócmhainní na Roinne Airgeadais. Níl suíomh an aonaid ghnó á taifeadadh ag an gclár sócmhainní atá ag baint úsáid as an sócmhainne. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd atá ag aistriú go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair a bunaíodh í sa bhliain 2011. Go ginearálta, tá na sócmhainní trealaimh TF a thaifeadadh ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealamh oifige a thaifeadadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Airgeadais. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. D'ainneoin an méid thuasluaite, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag amanna áirithe ó bunaíodh í sócmhainní áirithe le haghaidh a húsáide eisiaí agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo sin.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socruithe rialaithe do sheirbhísí AD agus do sheirbhísí roinnte párolla a soláthraíodh idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Táim ag brath ar an litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialacha chuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhisí comhroinnte don Roinn.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá Ráiteas an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 11
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Chinntíonn an Roinn go bhfuil fócas chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Tuairiscíodh dhá socruithe sholáthar faoin gCiorclán 40/2002.
  Ar an gcéad ceann bhí an luach iomlán do €82,833 a bhí bainteach le mionathrú ar córas TF ar gearrfhógra chun maoiniú AEa chosaint i 2017. Bhi luach iomláin do €39,149 ar an dara ceann a bhí bainteach leis an dualgais a bhí ar an Roinn chun go núsáidfeadh gach ionad sonraí a sholáthraí féin laistigh don timpeallacht iontaofa.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil, a faomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go ham agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil.Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Airgeadais Inmheánacha***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

26 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Caiteachas cláir** | | | |
| A | Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí | 18,089 | 15,092 | 14,908 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | 37,962 | 37,899 | 28,280 |
| | **Ollchaiteachas** | **56,051** | **52,991** | **43,188** |
| | *Luíde* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,946** | **1,897** | **1,965** |
| | **Glanchaiteachas** | **53,105** | **51,094** | **41,223** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004 is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasaí neamhchaite do sheirbhís caipitil a thabhairt ar aghaidh mar chaiteachas sa bhliain dár gcionn.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 2,011,378 | 2,524,639 |
| Géilleadh iarchurtha | (685,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,326,378** | **2,524,639** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

26 Márta 2018

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 28,152 | 20,380 |
| Pá | | 22,165 | 20,272 |
| Neamhphá | | 2,674 | 2,536 |
| **Ollchaiteachas** | | **52,991** | **43,188** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,897** | **1,965** |
| **Glanchaiteachas** | | **51,094** | **41,223** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (7,482) | | |
| Dímheas | 2,343 | | |
| | | (5,139) | (673) |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,097) | | |
| Méadú ar stoc deiridh | (14) | | |
| | | (1,111) | (434) |
| **Caiteachas díreach** | | **44,844** | **40,116** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,531 | 2,808 |
| Measchíosanna | | 2,252 | 2,252 |
| **Costas glan clár** | | **50,627** | **45,176** |

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | m | 882 | 243 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 410 | 229 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 2,182 | 1,129 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 1,040 | 1,168 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte | m | 46 | 39 |
| | | **4,560** | **2,808** |
| | | | |
| Costais cionroinnte do TF tacaíochta do Vótaí eile | m | (1,029) | — |
| | | **3,531** | **2,808** |

Tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas Maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | €000 | €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **8,122** | **2,984** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 2,066 | 1,765 |
| Stoic | 2.4 | 27 | 13 |
| Réamhíocaíochtaí[1] | | 2,575 | 1,285 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 221 | 166 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **4,889** | **3,229** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 406 | 213 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,612 | 1,261 |
| Maoiniú glan don Státchiste dlite | 2.7 | 675 | 670 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,693** | **2,144** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,196 | 1,085 |
| **Glansócmhainní** | | **10,318** | **4,069** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **10,318** | **4,069** |

[1] Tá na réamhíocaíochtaí faoi-thionchar, go príomha, caiteachas an OGCIO a bhaineann le seirbhisí TF seachtrach, dílsithe agus baránta, áit a bhfuil na buntáistí a bhaineann leis an gcaiteachas seo a bheidh úsáidte insna blianta amach romhainn. Bhí an méadú insna réamhíocaíochtaí faoi thionchar forbairt ar gníomhaíochtaí an OGCIO chomh maith lena n-áirítear na híocaíochtaí maidir le na blianta roimh 2017 don chéad uair insan nóta seo.

### 2.1 Cuntas um maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 4,069 | 2,433 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 53,105 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (685) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,326) | | |
| Vóta glan | | | 51,094 | 41,223 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | | | 3,531 | 2,808 |
| Míreanna neamhairgid – socmhainní caipiti | | | — | 911 |
| Míreanna neamhairgid – dímheasa | | | — | (382) |
| Míreanna neamhairgid – athruithe diúscairtí | | | (1) | — |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | | | 2,252 | 2,252 |
| Glanchostas clár | | | (50,627) | (45,176) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **10,318** | **4,069** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní Caipitil faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 27,809 | 208 | 3 | — | 28,020 |
| Breiseanna | 7,167 | 10 | — | 305 | 7,842 |
| Diúscairtí | (16,747) | — | — | — | (16,747) |
| **Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017** | 18,229 | 218 | 3 | 305 | 18,755 |
| Dímheas Carntha | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 24,991 | 42 | 3 | — | 25,036 |
| Dímheas don bhliain | 2,321 | 22 | — | — | 2,343 |
| Dímheas ar dhiúscairtí [1] | (16,746) | — | — | — | (16,746) |
| **Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017** | 10,566 | 64 | 3 | — | 10,633 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **7,663** | **154** | **—** | **305** | **8,122** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 2,818 | 166 | — | — | 2,984 |

[1] I 2017 soláthraíonn an Roinn,mar fhorbróir suntasach agus mar bhainisteoir le haghaidh shócmhainní TF athbhreithniú ar a chlár shochmhainní caipitil. Mar thoradh ar an athbhreithniú, d'aithin an Roinn roinnt shócmhainní TF ar an gclár nach bhfuil in úsáid a thuile agus, in a lán cásanna, atá dímholta ag chóras chomhaimseartha. Tá an méid costas stairiúla dhiúscairtí thuas ann go príomha de bharr gur baineadh na córas seo ón gclár. Bhí siad á dhímheas ina iomlán agus bhí glanluach leabhar náid orthu. Chomh maith leis sin i 2017, scoir an Roinn roinnt ríomhaire pearsanta deisce mar pháirt don chlár ag uasdátú an teicneolaíocht.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 1,943 | 1,764 |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | 123 | 1 |
| | **2,066** | **1,765** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 10 | 6 |
| Ábhair inchaite TF | 17 | 7 |
| | **27** | **13** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 9 | 4 |
| Scéim pasanna taistil in-fhorchúitithe | 138 | 139 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 42 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 32 | 23 |
| | **221** | **166** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 650 | 570 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 259 | 213 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 218 | 230 |
| Cáin Bhreisluacha | 72 | 24 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 91 | 81 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 3 | 3 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 8 | 111 |
| | 1,301 | 1,121 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 149 | 132 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 162 | 8 |
| | **1,612** | **1,261** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,326 | 2,525 |
| Géilleadh iarchurtha | 685 | — |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (1,336) | (1,855) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste dlite** | **675** | **670** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,066 | 1,765 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 221 | 166 |
| | 2,287 | 1,931 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,301) | (1,121) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (311) | (140) |
| | (1,612) | (1,261) |
| | **675** | **670** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 360 | 325 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | **360** | **325** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 3 | 3 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur I láthair.

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 22,500 | 22,165 | 20,272 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 315 | 265 | 165 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,111 | 1,029 | 1,018 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 280 | 186 | 245 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,037 | 987 | 843 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 411 | 195 | 250 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 40 | 12 | 15 |
| | | **25,694** | **24,839** | **22,808** |

**Athrúcháin shuntasach**

*vi.* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar an mheastacháin €0.4 milliún, toradh: €0.2 milliún

Thárla an laghdú do €0.2 milliún ar chostais áitreabh oifige toisc nach raibh an lóistín breise a bhí ag teastáil ón Roinn ar fáil.

## Clár A Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 8,310 | 7,614 | 7,267 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 964 | 797 | 942 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | 2,675 | 2,675 | 2,575 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 2,268 | 1,275 | 1,032 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 631 | 621 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 1,100 | 608 | 666 |
| A.7 | Comhlacht Cláir AE Speisialta | 1,350 | 998 | 1,200 |
| A.8 | INTERREG trasnáisiúnta agus INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige | 251 | 131 | 303 |
| A.9 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 188 | 101 | 57 |
| A.10 | Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 333 | 262 | 245 |
| | | **18,089** | **15,092** | **14,908** |

**Athrúcháin shuntasacha (+/- 5% agus €100,000)**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €3 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €0.9 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin. Bhí difríocht san iarmhéid de €2.1 milliún go príomha de bharr iad seo a leanas:

*A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile*

Soláthair an mheastacháin: €2.3 milliún, toradh: €1.3 milliún

Bhí an easnamh ar chaiteachas, de €1 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar bhí athrú insna comhaontuithe ceadúnaithe agus coigiltis insan tionscadail córas TF 'E-Cohesion' atá chun críochniú ag tús na bliana 2018. Déanann an córas éascaíocht ar mharlartán leictreonach don eolas idir tairbhithe an maoiniú AE agus na húdaráis atá ag bainteach leis na cláracha cómhaointiú AE a chur i bhfeidhm,

*A.6 Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann*

Soláthair an mheastacháin: €1.1 milliún , toradh: €0.6 milliún

Bhí an easnamh i gcaiteachas, de €0.5 milliún, i gcoibhneas leis an meastachán de bharr an tionchar a bhí ar moill a bhi ag an gcaitheachas clár i 2014 – 2020 chomh maith leis an ráta malairte fabhrach ó euro go sterling.

*A.7 Comhlacht Cláir AE Speisialta*

Soláthair an mheastacháin: €1.4 milliún , toradh: €1 milliún

Bhí an easnamh i gcaiteachas, de €0.4 milliún, i gcoibhneas leis an meastachán de bharr an tionchar a bhí ar moill a bhi ag an gcaitheachas clár i 2014 – 2020 chomh maith leis an ráta malairte fabhrach ó euro go sterling

*A.8. INTERREG trasnáisiúnta agus INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige*

Soláthair an mheastacháin: €0.2 milliún, toradh: €0.1 milliún.

Bhí an easnamh i gcaiteachas, de €0.1 milliún, i gcoibhneas leis an meastachán de bharr clár i 2007 – 2013 críochnaithe níos luaithe ná mar a measadh agus ranníocaíocht laghdaithe don clár i 2014 - 2020.

## Clár B Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 14,190 | 14,550 | 13,005 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 2,230 | 1,877 | 1,594 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | 2,725 | 2,725 | 2,725 |
| B.4 | Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | 40 | 33 | 42 |
| B.5 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 650 | 291 | 258 |
| B.6 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 12,545 | 14,441 | 7,003 |
| B.7 | Clár oibre athchóirithe | 1,981 | 1,862 | 1,988 |
| B.8 | Seirbhís Chomhroinnte Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe | 1,331 | 1,305 | 1,232 |
| B.9 | An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí | 200 | 166 | — |
| B.10 | Clár foghlama agus forbairt don statseirbhíse | 1,350 | 87 | 124 |
| B.11 | Seirbhís Eacnamaíochta & Meastóireachta na hÉireann | 200 | 178 | — |
| B.12 | Tionscadal Riaracháin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | 300 | 164 | — |
| B.13 | Cur i bhfeidhm an Achta Nochtadh Cosanta | 220 | 220 | 300 |
| | - Clár Athbhreithnithe an Dlí Reachtúil - | — | — | 9 |
| | | **37,962** | **37,899** | **28,280** |

**Athrúcháin shuntasacha (+/- 5% agus €100,000)**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €0.1 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús Tá cur síos ar an gcaiteachais riarachán difríochtaí déanta cheana féin agus iarmhéid an difríochta de €0.1 milliún go príomha de bharr iad seo a leanas:

*B.5 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile*

Soláthair an mheastacháin: €0.7 milliún, toradh: €0.3 milliún

Bhí an easnamh do €0.4 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar toisc nár cuireadh na costais a bhí bainteach le cás cúirte i gcrích i 2017 agus roinnt coigilteas beag trasna an Roinn.

*B.6 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais*

Soláthair an mheastacháin: €12.5 milliún, toradh: €14.4 milliún

Bhí an méadú i gcaiteachas, de €1.9 milliún, i gcoibhneas leis an meastachán mar bhí méadú ar luas a chur ar Straitéis Sheirbhís Poiblí an Railtas TEC go háirithe maidir leis an Tógáil le Roinnt Bonneagar agus tionscadail feidhmeanna.

*B.7. Clár oibre athchóirithe*

Soláthair an mheastacháin: €2 milliún, toradh: €1.9 milliún.

Tá an easnamh do €0.1 milliún i gcoibhneas leis an meastachán de bharr meascán idir roinnt coigilteas beag transna ar na haonaid pholasaí agus cláracha sa na hacmhainní agus na n-achmhainn AD.

*B.10. Clár foghlama agus forbairt don statseirbhíse*

Soláthair an mheastacháin: €1.3 milliún, toradh: €0.1 milliún.

Tá an easnamh do €1.2 milliún i gcoibhneas leis an meastachán de bharr an phróiseas soláthrú chun ardán TF a fhorbairt don chlár foghlama agus forbairt don statseirbhíse á thógaint níos faide ná mar a mheastar.

*B.12. Tionscadal Riaracháin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair*

Soláthair an mheastacháin: €0.3 milliún, toradh: €0.2 milliún.
Tá an easnamh do €0.1 milliún i gcoibhneas leis an meastachán de bharr comhuainiúcháin soláthar seirbhísí sheachtracha atá chun tarlú go luath i 2018.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Cláir an AE | 1,000 | — | 109 |
| 2. | Farasbairr um shreabhadh airgid | 56 | 58 | 58 |
| 3. | Ilghnéitheach | 40 | 74 | 73 |
| 4. | Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,850 | 1,765 | 1,725 |
| | Iomlán | **2,946** | **1,897** | **1,965** |

**Athrúcháin shuntasacha (+/- 5% agus €100,000)**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1 milliún níos lú ná an meastachán .

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

1 *Cláir an AE*

Soláthair an mheastacháin: €1 milliún, toradh: €Náid

Baineann an difríocht de €1 millúin leis an deacracht le comhuainiúcháin an meastachán chomh maith le méid na haisíocaíochtaí a bhaineann le Chláir an AE. Fuair an Roinn cúpla aisíocaíochtaí go luath i 2018 a bhítear ag súil le i 2017.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | — | — |
| Tuarastal na nAirí a ghéilleadh ar bhonn saoráladh | 8 | 1 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | — | (1) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **8** | — |

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | **397** | **352** |

### 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 23,076 | 21,739 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | — | 210 |
| Iomarcaíocht | 250 | 220 |
| Liúntais eile | 144 | 39 |
| Ragobair | 32 | 50 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,475 | 1,277 |
| **Pá iomlán**[a] | **24,977** | **23,535** |

[a] Tá pá iniatach san fhigiúr pá iomlán i dteidil A.1, A.4, A.6, A.7, B.1, B.7. agus B.8.

Ní chuirtear na baill fhoirne sin san áireamh i líon foirne CPA a bhíonn ag obair i gComhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) a bhfuil a gceanncheathrú suite i mBéal Feirste. Is comhlacht Thuaidh/Theas é CCSAE a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus cuireann CPA lena gcuid costas párolla ó fho-cheannteidil A.6 agus A.7, atá san áireamh i gcúrsaí pá thuas.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 82 | 8 | 29,414 | 18,854 |
| Liúntais eile | 11 | 2 | 12,498 | 11,020 |
| Ragobair | 27 | — | 5.600 | 11,970 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 2 | 14,388 | 13,080 |

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de chuid €146,586 (2015: €121,255) i dtaca le beirt oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2017 nó don bhliain ar fad agus a d'íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe An Clár um Iomaíochas agus Obair (PCW) 1% an AHCPS, fuair 37 oifigeach (2016: 35) a fuair €83,887 san iomlán (2016: €83,887) i dtaca le PCW/liúntais sinsearachta.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €18,224, 10 cás (2016: €15,928, (5 cás)).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú an AE

Cuimsíonn an táirgeacht a thaispeántar i gceannteidil A.4, A.5, A.6 agus A8 na híocaíochtaí seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE.

| Teideal | Cur Síos | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 2,000 | 1,044 | 796 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 631 | 621 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 1,100 | 608 | 666 |
| A8. | INTERREG | 251 | 131 | 303 |
| | | **4,001** | **2,414** | **2,386** |

## 6.2 Coistí agus coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse | 1950/51 | 17 | 26 |
| An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí | 2017 | 166 | — |
| | | **183** | **26** |

## 6.3 Dliteanais theagmhasacha

Tá breithiúnas curtha i leith na Roinne maidir le cás dlí leanúnach.Damhadh costais i gcoinne na Roinne. Níl cinneadh déanta ar na costais go fóill.

## 6.4 Tabhairt ar Aghaidh go 2018

Faoi fhoráil Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €685,000 de leithdháileadh neamhchaite I dtaca le heilimintí caipitil de fho-cheannteidil A.4 agus B.10 ar aghaidh go 2018.

## Nóta 7 An Ciste Teagmhais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **1,200** | **1,200** |

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus a d'fhéadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, m.sh. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú ar mhéid an Chiste gach cúig bliana. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh i 2014, cinneadh gur cheart an ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.

## Aguisín A Cuntais do Chomhlachtaí na Cistí agus faoi choimirce an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchoirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag deireadh Márta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste na rinne | Tréimhse Chuntasaíoch ta Dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | 2016 | 15 Nollaig 16 | 21 Nollaig 16 | 18 Eanair 18 |
| Institiúid Riaracháin Phoiblí | 2016 | 15 Bealtaine 17 | 10 Iúil 17 | 10 Iúil 17 |
| An Ciste Oideachais Éireann- Stát Aontaithe[2] | 2016 | 28 Samhain 17 | 28 Samhain 17 | |
| Rialtóir an Chrannchur Náisiúnta | 2016 | 6 Nollaig 17 | 5 Eanair 18 | 13 Feabhra 18 |
| Comhlacht na gClár Speisialta AO[1] | 2016 | 16 Meitheamh 17 | 27 Samhain 17 | 14 Nollaig 17 |
| Maoin Stát Cuntas Taisce Ilchineálach[3] | 2016 | 28 Samhain 17 | 28 Samhain 17 | |

[1] Is é an Chomhlacht na gClár Speisialta AO ceann do na bhforas trasteorann a bhunaíodh faoin Chomhaontú Aoine an Chéasta atá chomh-urraithe ag an Roinn Airgeadais i dTuairsceart na hÉireann. Deantar iniúchadh ar an tuarascáil agus ar na gcuntas bhliantúil a dhearbhaíodh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ón dá dhlinse agus atá leagadh amach faoi bhráid Thithe an Oireachtais in Éireann agus Tionól Thuaisceart Éireann.

[2] Cuireadh cuntas 2016 An Ciste Oideachais Éireann-Stát Aontaithe i láthair Thithe an Oireachtais ar 24 Lúnasa 2018.

[3] Cuireadh cuntas 2016 Maoin Stát Cuntas Taisce Ilchineálach i láthair Thithe an Oireachtais ar 24 Lúnasa 2018.